RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1266 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Iúil 2022

maidir le glútamáit mhonasóidiam arna táirgeadh trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear d'údarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus don fhoras agus do na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 cuireadh isteach iarratas maidir le glútamáit mhonasóidiam a tháirgtear trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.

(3) Baineann an t-iarratas le glútamáit mhonasóidiam a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, breiseán atá le haicmiú sa chatagóir "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe".

(4) D'iarr an t-iarratasóir go ndéanfaí an breiseán a údarú freisin lena úsáid in uisce óil. Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, áfach, ní cheadaítear "comhdhúile blaistithe" a údarú lena n-úsáid in uisce óil. Dá bhrí sin níor cheart úsáid glútamáit mhonasóidiam a tháirgtear trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187 a cheadú in uisce óil.

(5) I dtuairim an 10 Samhain 2021 ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás"), is é an chonclúid ar ar thángthas ([2]) nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag glútamáit mhonasóidiam a tháirgtear trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187 ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht tomhaltóirí ná ar an gcomhshaol faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Sa tuairim tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach bhfuil an breiseán tocsaineach trí ionanálú, nach greannaitheoir craicinn ná súl é agus nach íogróir deirmeach é. Thairis sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil glútamáit mhonasóidiam éifeachtúil chun cur le blas an bheatha ainmhithe. D'fhíoraigh an tÚdarás freisin an tuarascáil ar na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an mbreiseán beathaithe agus é i mbeatha, tuarascáil arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003.

(6) Léirítear leis an measúnú ar ghlútamáit mhonasóidiam a tháirgtear trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú, faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na substainte sin a údarú mar a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(7) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun go mbeifear in ann rialú níos fearr a dhéanamh. Go háirithe, ba cheart cion molta a shonrú ar lipéad na mbreiseán beathaithe. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.

(8) Maidir le glútamáit mhonasóidiam a tháirgtear trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187, cé nach n-údaraítear í lena húsáid mar bhlastán in uisce óil, ní chuirtear bac ar a húsáid i mbeatha cumaisc a thugtar trí uisce.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) EFSA Journal [*Iris EFSA*] 2021;19(12):6982.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe", údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Breiseán	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse.	Speiceas nó catagóir ainmhí	Uas-teor-ainn aoise	Íoschio-n	Uaschi-on	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údaraithe
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe								
2b621i	Glútamáit mhonasóidiam	*Comhdhéanamh an bhreiseáin:* Glútamáit mhonasóidiam *Tréithriú na substainte gníomhaí:* Glútamáit mhonasóidiam arna táirgeadh trí choipeadh le *Corynebacterium glutamicum* KCCM 80187 Íonacht: ≥ 99 % Foirmle cheimiceach: $C_5H_8NaNO_4 \cdot H_2O$ Uimhir CAS: 6106-04-03 Uimhir Einecs: 205-538-1 *Modh anailíse* ([1]): Maidir le L-glútamáit mhonasóidiam sa bhreiseán beathaithe a shainaithint: — Codex na dTáirgí Ceimiceacha Bia "Monagraf L-glútamáit mhonasóidiam" Maidir le L-glútamáit mhonasóidiam sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS)	Gach speiceas ainmhíoch	-	-	-	1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin. 2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóir-eáil teasa a shonrú. 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: "Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iom-lán ina bhfuil cion taise 12 %: 25 mg." 4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar tho-radh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, son-rófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.	10.8.2032

		Maidir le L-glútamáit mhonasóidiam i réamh-mheascáin a chainníochtú: — crómatagrafaíocht malartaithe ian cúpláilte le díorthúchán iarcholúin agus brath fótaiméadrach (IEC-VIS), Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún (Iarscríbhinn III, F) [2]						

[1] Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

[2] Rialachán (CE) Uimh. 152/2009 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2009 lena leagtar síos na modhanna samplála agus anailíse chun rialú oifigiúil a dhéanamh ar bheatha (IO L 54, 26.2.2009, lch. 1).